Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Samhain 2017
(OR. fr)

14092/1/17
REV 1

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0106 (COD)**

CODEC 1762
FRONT 460
VISA 419
COMIX 745

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Córas Dul Isteach/Imeachta (EES) chun sonraí faoi dhul isteach agus imeacht agus sonraí faoi dhiúltú cead isteach náisiúnach tríú tír a chlárú agus iad ag trasnú theorainneacha seachtracha na mBallstát agus lena gcinntear na coinníollacha ar a dtabharfar rochtain ar EES chun críocha fhorghníomhú an dlí agus lena leasaítear an Coinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme agus Rialachán (CE) Uimh 767/2008 agus Rialachán (AE) Uimh 1077/2011 **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 7 Aibreán 2016, thíolaic an Coimisiún a thogra[1] atá bunaithe ar Airteagal 77(2)(b) CFAE[2][3][4], chuig an gComhairle.

2. Thug an Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta a thuairim uaidh ar an 21 Meán Fómhair 2016[5]. Chuathas i gcomhairle le Coiste na Réigiún.

[1] 7675/16.
[2] I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus ní bheidh sé ina cheangal uirthi ná ní bheidh sí faoi réir a chur i bhfeidhm.
[3] I gcomhréir le Cinneadh 2000/365/CE ón gComhairle, níl an Ríocht Aontaithe rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.
[4] I gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.
[5] IO C 487, 28.12.2016, lch 66.

3. An 25 Deireadh Fómhair 2017, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air, agus dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[6].

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá réir sin, a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis an méid sin agus iarrtar air an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

- seasamh Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 47/17 é, a fhormheas mar mhír "A" ar chlár oibre cheann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo;

- a chinneadh go ndéanfar na ráitis atá san aguisín a ghabhann leis an nóta seo a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin.

Má fhormheasann an Chomhairle seasamh Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, déanfar é a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

---

[6] 13557/17.